AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 31.10.2019
COM(2019) 564 final

2019/0246 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/1139 maidir le teorainneacha acmhainne a thabhairt isteach do throsc Mhuir Bhailt Thoir, bailiú sonraí agus bearta rialaithe i Muir Bhailt, agus Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 maidir le scor buan do na cabhlaigh a bhíonn ag iascaireacht throsc Mhuir Bhailt Thoir

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Tá éiceachóras Mhuir Bhailt i riocht leochaileach leis na blianta fada. Mar sin féin, níor thug eolaithe foláireamh go dtí 2019 go raibh tionchar i bhfad níos mó ag dálaí an chomhshaoil ar thrasc Mhuir Bhailt Thoir ná mar a measadh roimhe sin. Mar gheall air sin, tá laghdú an-mhór ar fad ag teacht ar thrasc Mhuir Bhailt Thoir. Chomh maith leis sin, níor tharla a leithéid roimhe mar gurb é stoc thrasc Mhuir Bhailt Thoir an t-aon stoc amháin in uiscí na hEorpa ar ina leith a mheasann an Chomhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (CITM) na rátaí básmhaireachta nádúrtha a bheith a thrí oiread níos airde ná an bhásmhaireacht san iascaireacht de bharr brúnna comhshaoil. Níl aon stoc eile in uiscí na hEorpa sa riocht sin. Níltear ag súil leis go mbeidh trasc Mhuir Bhailt Thoir in ann téarnamh roimh 2024, fiú mura ndéanfar aon iascaireacht ar chor ar bith.

De bharr go bhfuil an cás thuas mar atá, i mbliana, ag gníomhú dó ar an gcomhairle eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil agus i gcomhréir le rialacha an Chomhbheartais Iascaigh agus leis an bPlean Ilbhliantúil do Mhuir Bhailt (dá ngairtear "PIB" feasta), ghlac an Coimisiún na chéad bhearta éigeandála in Iúil 2019 lenar toirmeascadh iascaireacht thrasc Mhuir Bhailt Thoir go deireadh na bliana; agus sa dara háit, chinn an Chomhairle i nDeireadh Fómhair 2019 srianta riachtanacha a chur leis an iascaireacht le haghaidh 2020, srianta nach raibh ann riamh roimhe. Ina ainneoin sin, níltear ag súil leis go mbeidh téarnamh ann go ceann roinnt blianta. Dá bhrí sin, beidh acmhainní iomarcacha ag cabhlaigh agus beidh iarmhairtí socheacnamaíocha díobhálacha do na pobail cois cósta agus na gnólachtaí iascaireachta gaolmhara mar gheall ar na bearta éigeandála eisceachtúla sin. Cuid thábhachtach den saol eacnamaíoch ina lán réigiún cois Mhuir Bhailt is ea an earnáil iascaireachta. Mar sin féin, tá glacadh an chuóta do thrasc Mhuir Bhailt Thoir go measartha íseal (faoi bhun 60 %) le roinnt mhaith blianta anuas; in 2018 níor glacadh ach 40 % den chuóta agus b'ísle arís é in 2019 go dtí lár mhí Iúil nuair a cuireadh bearta éigeandála an Choimisiún i bhfeidhm (19 %). Nuair a bhí glacadh an chuóta in 2018 go measartha íseal cheana féin, d'fhéadfadh sé gurbh é an chéad leid é cé chomh holc agus a bhí dálaí an chomhshaoil agus chomh mór agus a bhí an tionchar acu sin ar thrasc Mhuir Bhailt Thoir.

Maidir leis na ranna cabhlaigh is mó atá ag brath ar thrasc Mhuir Bhailt Thoir, léirítear san anailís atá déanta ag an gCoimisiún gur mó ná 300 soitheach atá sna ranna sin agus gur trálaeir agus báid eangach sa Liotuáin, sa Laitvia agus sa Pholainn, agus ar bhonn níos lú, sa Danmhairg, atá iontu go príomha. Is cosúil nach bhféadfadh ach mionlach díobh sin teacht slán as dúnadh iascaigh ar feadh achar gearrthéarmach ach ba bhaol dóibh é a bheith dúnta ar feadh achar meántéarmach nó achar fadtéarmach. Chomh fada leis an gcuid eile de, tá siadsan ag streachailt cheana féin sa chruachás a bhfuil siad ann, ar cruachás é a rachaidh in olcas de dheasca dhúnadh an iascaigh, é sin nó ní bheidh aon bhrabús ann dóibh níos mó. Tá tábhacht mhór shocheacnamaíoch ag baint leis na ranna cabhlaigh sin, arb ionann iad agus thart ar idir 20 % agus 50 % de chabhlaigh náisiúnta na Liotuáine, na Laitvia agus na Polainne faoi seach, arna sloinneadh i gcoibhéisí lánaimseartha. Ó tharla gur dúnadh iascach atá dírithe ar thrasc Mhuir Bhailt Thoir go hiomlán agus ó tharla gur chomhaontaigh an Chomhairle 14-15 Deireadh Fómhair 2019 laghduithe móra i gcás stoic eile Mhuir Bhailt, ní bheidh na soithí agus na ranna cabhlaigh in ann a gcuid gníomhaíochtaí iascaireachta a athdhíriú ar speicis eile, is iad sin na soithí agus na ranna cabhlaigh is mó a thiocfadh faoi thionchar an dúnta. Beidh tionchar suntasach ag an dúnadh ar chabhlaigh a bhíonn ag iascaireacht thrasc Mhuir Bhailt Thoir agus beidh tionchar an-diúltach ar fad aige ar réigiúin áirithe agus ar phobail

áirithe cois cósta. Dá bhrí sin, agus á chur san áireamh go mbítear ag dul i dteagmháil leis na Ballstáit i rith an ama faoin tionchar diúltach suntasach atá ag na dálaí sin ar an earnáil iascaigh agus nach féidir leis na páirtithe leasmhara na hiarmhairtí díobhálacha sin a mhaolú iad féin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh gá le bearta teagmhais don earnáil iascaigh. Is é atá i gceist leis na bearta teagmhais go dtabharfar isteach uasteorainn acmhainne do na Ballstáit atá ar chósta Mhuir Bhailt a ndéanann dálaí díobhálacha i leith throsc Mhuir Bhailt Thoir difear dá gcabhlaigh a bhíonn ag iascaireacht throsc Mhuir Bhailt Thoir agus go dtabharfar isteach scéim fágála acmhainne do chabhlaigh a bhíodh ag iascaireacht throsc Mhuir Bhailt Thoir.

Is é an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh (dá ngairtear CEMI feasta) arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ciste do bheartais mhuirí agus iascaigh an Aontais do 2014-2020. Tá sé ar cheann de na cúig Chiste Struchtúracha agus Infheistíochta de chuid na hEorpa (SIE) a dhéanfaidh a chéile a chomhlánú agus a bhfuil sé mar aidhm leo téarnamh fáis agus post a chur chun cinn san Eoraip. Tá an ciste ina chuidiú ag iascairí leis an aistriú chuig an iascaireacht inbhuanaithe; tacaítear le pobail cois cósta a ngeilleagar a éagsúlú agus maoinítear tionscadail leis, rud a chruthaíonn poist nua agus a chuireann feabhas ar an mianach saoil feadh chóstaí na hEorpa.

Dá bharr sin, ba cheart don chiste sin an deis a thabhairt do na Ballstáit sin, a dhéanann cás eisceachtúil throsc Mhuir Bhailt Thoir difear dóibh, tacaíocht airgeadais a dheonú chun cothromaíocht a bhaint amach idir acmhainn an chabhlaigh agus na deiseanna iascaireachta agus an chothromaíocht sin a choinneáil trí bhíthin tacaíocht airgeadais le haghaidh scor buan de ghníomhaíochtaí iascaireachta tríd an diúscairt a dhéanamh incháilithe faoi CEMI 2014-2020. Deonaíodh an tacaíocht sin go dtí deireadh 2017 (agus tugadh isteach le déanaí é sa phlean ilbhliantúil don Mheánmhuir Thiar). Ní rabhthas ag súil leis an mbeart chun díchoimisiúnú i bhfoirm an diúscartha a thabhairt isteach arís, rud atá ina fhreagairt ar chás eisceachtúil throsc Mhuir Bhailt Thiar. Dá bhrí sin, ba cheart don chiste solúbthacht bhreise a sholáthar sa chás eisceachtúil sin trí cheadú do na Ballstáit chéanna na leithreasuithe cabhrach le haghaidh stórála atá ar fáil agus an Beartas Muirí Comhtháite faoi chuimsiú imchlúdach airgeadais gach Ballstáit chun scor de ghníomhaíochtaí iascaireachta go buan a athdhíriú d'fhonn an gá atá le diúscairt soithí a neartú agus, san am céanna, gan tionchar diúltach a imirt ar an méid atá bainte amach de réir chuspóirí eile CBI agus de réir chur chun feidhme CEMI. Is é an aidhm atá leis an togra sin, dá bharr sin, stoic éisc Mhuir Bhailt a bhainistiú go hinbhuanaithe trí acmhainn iomarcach chabhlaigh a laghdú in iascach throsc Mhuir Bhailt Thoir.

Ina theannta sin, tá na Ballstáit agus an Coimisiún ar aon tuairim gur gá gníomhú go práinneach chun dul i ngleic leis na bunchúiseanna atá leis an gcás criticiúil sin ó thaobh an chomhshaoil agus na sochaí de. Is é atá le tuiscint as sin nach mór aghaidh a thabhairt go dian dúthrachtach ar na brúnna is mó atá ar an gcomhshaol i Muir Bhailt, brúnna atá ag cur bac ar théarnamh throsc Mhuir Bhailt Thoir, agus an éagothroime struchtúrach a laghdú san acmhainn chabhlaigh atá ag na cabhlaigh sin a bhíodh ag saothrú trosc Mhuir Bhailt Thoir roimhe sin. Dá thairbhe sin, tugtar isteach leis an togra seo an deis chun tacaíocht phoiblí a thabhairt i leith scor go buan de ghníomhaíochtaí iascaireachta tríd an diúscairt d'iascairí agus d'oibreoirí atá ag brath go mór ar throsc Mhuir Bhailt Thoir agus a bheidh thíos le dúnadh iascach throsc Mhuir Bhailt Thoir.

Chun a áirithiú go mbeidh an t-oiriúnú struchtúrach a dhéanfar ar chabhlaigh i Muir Bhailt i gcomhréir leis na cuspóirí caomhnaithe a leagtar síos sa Phlean Bainistíochta Ilbhliantúil, ba cheart don tacaíocht a bheith dianchoinníollach ar bhaint amach na spriocanna agus na

n-uirlisí coigeartaithe a shainmhínítear sna pleananna gníomhaíochta le haghaidh ranna éagothroma agus a bheith nasctha leo sin, ar tacaíocht do scor buan de ghníomhaíochtaí iascaireachta í a dheonófar chun soithí iascaireachta a dhiúscairt, soithí atá ag brath go mór ar throsc Mhuir Bhailt Thoir.

Faoi dheireadh, ba cheart bearta rialaithe breise a thabhairt isteach agus ba cheart feabhas a chur ar bhailiú na sonraí ábhartha.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an togra i gcomhréir leis an togra ón gCoimisiún don chéad CEMI eile agus leis an bplean ilbhliantúil is déanaí.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Faoi láthair, níl an tacaíocht le haghaidh diúscairt soithí i Muir Bhailt incháilithe do chómhaoiniú faoin rialachán CEMI atá ann, ach ina ainneoin sin, tá an tacaíocht sin riachtanach chun an plean ilbhliantúil is déanaí a chur chun feidhme ar bhonn éifeachtúil.

Ina theannta sin, deonaíodh tacaíocht do scor buan de ghníomhaíochtaí i leith diúscairt soithí go deireadh 2017 faoi CEMI. Tugadh isteach tacaíocht i leith na Meánmhara Thiar le déanaí (Rialachán 2019/1022). Lena chois sin, áirítear ar an togra ón gCoimisiún maidir leis an gcéad CEMI eile don tréimhse 2021-2027 an tacaíocht do scor buan de ghníomhaíochtaí chun soithí a dhiúscairt.

Faoi dheireadh, deonaíodh tacaíocht do scor sealadach de ghníomhaíochtaí i Muir Bhailt faoin rialachán atá ann le cláir oibríochtúla CEMI ((COM C(2019)6496).

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Airteagal 43(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Tagann an togra faoi inniúlacht eisiach an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 3(1)(d) CFAE. Dá bhrí sin, níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta.

- **Comhréireacht**

Comhlíonann an togra prionsabal na comhréireachta ar na cúiseanna seo a leanas.

Is comhbheartas é an Chomhbheartas Iascaigh. Tá sé ar cheann de na cuspóirí atá aige a áirithiú go mbeidh na gníomhaíochtaí iascaireachta inbhuanaithe san fhadtéarma ó thaobh an chomhshaoil de agus go mbainfear leasanna eacnamaíocha, sóisialta agus fostaíochta amach freisin. Bunaithe ar an bhfianaise eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil, chinn an tAontas Eorpach go gcuirfí srianta leis an iascaireacht, srianta a bhí riachtanach ach nár cuireadh i bhfeidhm riamh roimhe. Mar gheall orthu sin, beidh acmhainní iomarcacha ag cabhlaigh agus beidh iarmhairtí socheacnamaíocha díobhálacha ar na pobail cois cósta agus na gnólachtaí iascaireachta lena mbaineann. Más rud é go gcuirtear an deis ar fáil iarratas a chur isteach ar thacaíocht airgeadais do scor buan de ghníomhaíochtaí iascaireachta tríd an diúscairt, beidh sé ina chuidiú leis na hiarmhairtí socheacnamaíocha díobhálacha sin a mhaolú agus, san am céanna, an acmhainn chabhlaigh agus an brú gaolmhar ar iascaireacht throsc Mhuir Bhailt Thoir a laghdú.

- **An rogha ionstraime**

An ionstraim atá beartaithe: leasú Rialacháin.

Is togra maidir le bainistiú iascaigh é seo ar bhonn Airteagal 43(2) CFAE.

3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Níl siad infheidhme ós cás eisceachtúil uathúil é an cás arb éigean an togra seo a bheartú dá bharr.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Chuathas i gcomhairle leis na Ballstáit agus leis na páirtithe leasmhara, go sonrach Comhairle Chomhairleach Mhuir Bhailt, faoi na deiseanna iascaireachta i Muir Bhailt do 2020 i gcomhthéacs an rialachán ábhartha a ullmhú nó a chaibidliú. Chuir páirtithe leasmhara iascaireachta éagsúla agus na Ballstáit na dúshláin mar gheall ar iarmhairtí socheacnamaíocha díobhálacha ar na pobail cois cósta agus na gnólachtaí iascaireachta gaolmhara faoi chaibidil. Chuir na hoibreoirí, na páirtithe leasmhara agus na Ballstáit lena mbaineann béim ar an ngá le dul i ngleic le cás na gcabhlach iomarcach ar bhealach struchtúrach trí thacaíocht airgeadais a dheonú le go mbainfear amach cothromaíocht idir an acmhainn chabhlaigh agus na deiseanna iascaireachta agus go gcoinneofar an chothroime sin. Chun na críche sin, d'iarr siad go mbeadh tacaíocht airgeadais ón Aontas Eorpach do scor buan tríd an diúscairt incháilithe faoi CEMI 2014-2020.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Gach bliain iarrann an tAontas comhairle eolaíoch ar an gComhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (CITM) faoi staid stoc tábhachtach éisc i Muir Bhailt. De réir na comhairle ó CITM, is léir go mbeidh an laghdú ollmhór sin ar throsc Mhuir Bhailt Thoir ina fhadhb mhór sna blianta atá amach romhainn.

- **Measúnú tionchair**

Rinneadh measúnú tionchair ar an togra maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh don tréimhse 2021 go dtí 2027 ón gCoimisiún. Sainaithníodh agus míníodh sa mheasúnú tionchair sin na dúshláin agus na fadhbanna is mó nach foláir don chlár ina dhiaidh seo dul i ngleic leo, rud atá bunaithe ar thorthaí agus ar mheastóireachtaí clárthréimhsí roimhe seo, ar thosaíochtaí nua polaitiúla agus ar na fadhbanna atá ag teacht chun cinn nach mór don Aontas aghaidh a thabhairt orthu. Thángthas ar an tuairim go gcaithfeadh an beartas a bheith níos spriocdhírithe agus níos fócasaithe chun aghaidh a thabhairt ar an ró-acmhainn agus an ró-iascaireacht i ranna na gcabhlach iascaireachta de chuid an Aontais Eorpaigh ina bhfuiltear ag leanúint den iascaireacht stoic éisc ar leibhéil neamh-inbhuanaithe. Dá bhrí sin, molann an Coimisiún tacú le scor buan de ghníomhaíochtaí iascaireachta don chéad chlárthréimhse CEMI eile, faoi dhianchoinníollacha, chun a áirithiú go bhfuil an tacaíocht sin spriocdhírithe ar chothroime a bhaint amach idir an acmhainn iascaireachta agus na deiseanna iascaireachta atá ar fáil. Tá an togra seo á phlé faoi láthair ag na comhreachtóirí. Ós rud é gur cás eisceachtúil é cás throsc Mhuir Bhailt Thoir agus na hiascaigh atá ag brath ar an stoc éisc seo, is é an rogha bheartais maidir le scor buan de ghníomhaíochtaí iascaireachta trí shoithí a

dhiúscairt an rogha is fearr atá le déanamh. Níl aon rogha bheartais ar fáil atá éagsúil ó thaobh ábhair agus dlí de, ach amháin an rogha atá beartaithe.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Neamhbhainteach.

- **Cearta bunúsacha**

Níl aon iarmhairtí ag an togra seo maidir le cosaint na gceart bunúsach.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Tá sé incháilithe arís leis an togra seo tacaíocht a iarraidh i leith scor buan de ghníomhaíochtaí iascaireachta trí shoithí a dhiúscairt faoin CEMI atá ann faoi láthair. Tá an tacaíocht ghaolmhar ón Aontas Eorpach le deonú i gcomhréir le cláir oibríochtúla CEMI 2014-2020 agus le leithdháiltí airgeadais gaolmhara CEMI ó na Ballstáit.

Chun an modhnú atá beartaithe a dhéanamh, ní gá aon athrú a dhéanamh ar uasteorainneacha bliantúla an chreata airgeadais ilbhliantúil, ná ar oibleagáidí agus íocaíochtaí de réir Iarscríbhinn I de Rialachán (AE) Uimh. 1311/2013[1]. Is féidir gurb é atá sa togra tús-ualú na leithreasuithe íocaíochta agus tá sé neodrach ó thaobh buiséid de le linn na clárthréimhse.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Neamhbhainteach.

[1] Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014-2020 (IO L 347, 20.12.2013, lch. 884).

2019/0246 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/1139 maidir le teorainneacha acmhainne a thabhairt isteach do throsc Mhuir Bhailt Thoir, bailiú sonraí agus bearta rialaithe i Muir Bhailt, agus Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 maidir le scor buan do na cabhlaigh a bhíonn ag iascaireacht throsc Mhuir Bhailt Thoir

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá gealltanas tugtha in Airteagal 3(3) de Rialachán (AE) Uimh. 2016/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] cur chuige atá bunaithe ar an éiceachóras i leith bainistíocht iascach a chur chun feidhme chun a áirithiú go laghdófar tionchair dhiúltacha na ngníomhaíochtaí iascaireachta ar an éiceachóras muirí a oiread is féidir. Tá an plean le bheith i gcomhréir le reachtaíocht chomhshaoil an Aontais, go háirithe le cuspóir an dea-stádais comhshaoil a bhaint amach faoi 2020 mar a leagtar amach in Airteagal 1(1) de Threoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4].

(2) De réir an mheasúnaithe eolaíoch ón gComhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (CITM), is iomaí speiceas agus gnáthóg atá ag streachailt i Muir Bhailt. Is mó na hionchuir bhliantúla cothaitheacha fós ná na spriocanna a comhaontaíodh ar bhonn réigiúnach i lár Mhuir Bhailt, i Muir an Oileánra agus i Murascaill na Fionlainne. Tá tiúchana cothaitheach go measartha ard fós agus tá méid na limistéar domhainuisce atá gann in ocsaigin nó atá gan oscaigin ar chor ar bith ard fós freisin. Tá leibhéil na n-éilleán ard fós i gcomparáid le formhór na bhfarraigí san Eoraip. Téann an riocht seo ina bhfuil an comhshaol i bhfeidhm ar fheidhmiúlacht na bia-eangaí, laghdaíonn siad athléimneacht agus frithsheasmhacht in aghaidh tuilleadh athruithe comhshaoil, agus

---

2 IO C , , lch. .

3 Rialachán (AE) 2016/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2016 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do na stoic troisc, scadáin agus saláin i Muir Bhailt agus don iascach a shaothraíonn na stoic sin, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1098/2007 ón gComhairle (IO L 191, 15.7.2016, lch. 1).

4 Treoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais comhshaoil mhuirí (an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí) (IO L 164, 25.6.2008, lch. 19)

is amhlaidh is lú deiseanna a bheidh ann do leasanna socheacnamaíocha, lena n-áirítear deiseanna iascaireachta.

(3) Rinneadh an nasc idir na dálaí sin agus dálaí throsc Mhuir Bhailt Thoir *(Gadus morhua)* atá ag dul in olcas. De réir CITM, tá bithmhais íseal nach bhfuil inbhuanaithe ag cur as don stoc de dheasca na nithe seo: earcaíocht an éisc atá ag dul i laghad, fachtóirí agus athruithe comhshaoil san éiceachóras arb iad is cúis le básmhaireacht ard nádúrtha (thart ar a thrí oiread níos mó ná an bhásmhaireacht san iascaireacht), agus básmhaireacht iomarcach san iascaireacht de bharr stádas an stoic. Faoi láthair, tá bithmhais troisc atá ar mhéid tráchtála ar an leibhéal is ísle dár breathnaíodh ó bhí na 1950idí ann. Ina theannta sin, measann CITM go bhfanfaidh bithmhais stoic sceithigh faoin bpointe tagartha inbhuanaitheachta sa mheántéarma (2024) fiú mura ndéanfar aon iascaireacht. Ina chomhairle faoin stoc do 2020, molann CITM gan aon ghabhálacha a dhéanamh dá bharr sin.

(4) Leagtar amach sa phlean ilbhliantúil do Mhuir Bhailt, nuair a léirítear de réir comhairle eolaíoch go bhfuil stoc faoi bhagairt, go bhfuil bearta coimirce le glacadh, lena n-áirítear laghdú ar na deiseanna iascaireachta agus ar bhearta sonracha caomhnaithe, agus gur cheart na bearta sin a chomhlánú le gach beart iomchuí eile. Féadfar a áireamh ar na bearta ceartaitheacha sin iascach spriocdhírithe an stoic a fhionraí agus laghdú leordhóthanach ar na deiseanna iascaireachta. De réir Airteagal 5 (4) de Rialachán (AE) 2016/1139, tá na bearta le roghnú de réir chineál na deacrachta atá ann agus tromchúis na deacrachta sin, an fad ama a mhairfidh sí agus an seans atá ann go mbeidh an deacracht chéanna ann arís.

(5) Bunaithe ar an measúnú a rinneadh ar stoc throsc Mhuir Bhailt Thoir, ghlac an Coimisiún Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1248 ón gCoimisiún[5], lena dtoirmisctear go dtí an 31 Nollaig 2019 iascaireacht troisc i bhforanna 24 go 26 CITM.

(6) Ghlac an Chomhairle an 15 Deireadh Fómhair 2019 comhaontú polaitiúil faoi na deiseanna iascaireachta do 2020 i Muir Bhailt. Is é atá sa chomhaontú sin laghdú 92 % ar na deiseanna iascaireachta do 2020 i gcomparáid le 2019 do throsc Mhuir Bhailt Thoir, rud atá riachtanach agus nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe, agus teorainn ar úsáid TAC sa chaoi is nach mbeidh ceadmhach ach foghabhálacha, agus iad sin amháin. Dá bhrí sin, ní cheadaítear aon iascaireacht spriocdhírithe ar an stoc seo. Ós rud é go bhfuil trosc Mhuir Bhailt Thoir i bhforoinn 24 CITM, tá úsáid TAC i bhforoinn 24 i gcás throsc Mhuir Bhailt Thoir teoranta freisin d'fhoghabhálacha throsc Mhuir Bhailt Thoir.

(7) Maidir leis na cabhlaigh iascaireachta atá ag brath go n-uige seo ar throsc Mhuir Bhailt Thoir, níl an deis acu iascaireacht a dhéanamh ar stoic eile mar mhalairt. Meastar go mbeadh gá le speicis eile a ghabháil, speicis a mbeadh thart ar 20 000 tona de mheáchan iontu, chun na caillteanais eacnamaíocha a bheidh ann de dheasca dhúnadh iascach throsc Mhuir Bhailt Thoir a fhrithchúiteamh. Chomhaontaigh an Chomhairle, áfach, dianlaghdú a chur i bhfeidhm i gcás stoic eile, agus go sonrach laghdú 65 % do scadán Mhuir Bhailt Thiar, 60 % i gcás throsc Mhuir Bhailt Thiar, 32 % i gcás leathóg, 27 % i gcás scadán Mhurascaill na Boitnia agus 22 % i gcás salán.

[5] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1248 ón gCoimisiún an 22 Iúil 2019, lena mbunaítear bearta chun bagairt thromchúiseach do chaomhnú stoc throsc Mhuir Bhailt Thoir a mhaolú (*Gadus morhua*) (IO L 195, 23.7.2019, lch. 2)

(8) Maidir leis na ranna cabhlaigh is mó atá ag brath ar throsc Mhuir Bhailt Thoir, léirítear san anailís atá déanta ag an gCoimisiún gur mó ná 300 soitheach atá sna ranna sin agus gur trálaeir agus báid eangach sa Liotuáin, sa Laitvia agus sa Pholainn, agus ar bhonn níos lú, sa Danmhairg, atá iontu go príomha. Tá tábhacht mhór shocheacnamaíoch ag baint leis na ranna cabhlaigh sin, arb ionann iad agus thart ar idir 20 % agus 50 % de chabhlaigh náisiúnta na Liotuáine, na Laitvia agus na Polainne faoi seach, arna sloinneadh i gcoibhéisí lánaimseartha. Is cosúil nach bhféadfadh ach mionlach díobh teacht slán as an iascach a bheith dúnta ar feadh tréimhse ghearrthéarmach ach ba bhaol dóibh é a bheith dúnta ar feadh tréimhse mheántéarmach nó fhadtéarmach. Chomh fada leis an gcuid eile de, tá siadsan ag streachailt cheana féin sa chruachás a bhfuil siad ann, ar cruachás é a rachaidh in olcas de dheasca dhúnadh an iascaigh, é sin nó ní bheidh aon bhrabús ann dóibh níos mó. Go deimhin, is faoi bhun 60 % a bhí glacadh an chuóta i gcás throsc Mhuir Bhailt Thoir ar feadh blianta fada agus b'ísle ná sin in 2018 é nuair a thit sé go 40 % ach b'ísle fós é in 2019 (19 %) go dtí gur thosaigh bearta éigeandála an Choimisiúin i lár mhí Iúil, rud a fhágann gur léir go bhfuil fadhb bhitheolaíoch ag baint leis an iascach seo. De bharr nach bhfuiltear ag súil leis go mbeidh trosc Mhuir Bhailt Thoir ar ais ar leibhéal sláintiúil líonmhaireachta sa mheántéarma fiú amháin, beidh éagothroime leanúnach struchtúrach ann do na ranna cabhlaigh sin lena mbaineann, rud a fhágann go bhfuil bonn cirt le hathstruchtúrú an chabhlaigh.

(9) Is i gcomhréir le hAirteagal 22 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6] a dhéanfar athstruchtúrú ar an gcabhlach, rialachán lena gceanglaítear ar Bhallstáit bearta a chur i bhfeidhm chun acmhainn iascaireachta a gcabhlach a chur in oiriúint do na deiseanna iascaireachta atá acu in imeacht ama agus chuige sin, cuirfidh siad treochtaí san áireamh agus é bunaithe ar an gcomhairle eolaíoch is fearr chun go mbainfí cothroime chobhsaí leanúnach amach eatarthu. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, ba cheart do na Ballstáit tuarascáil maidir leis an gcothroime idir acmhainn iascaireachta a gcabhlach agus a gcuid deiseanna iascaireachta a chur chuig an gCoimisiún faoin 31 Bealtaine gach bliain. I gcás ina léireofar go soiléir sa mheasúnú nach bhfuil cothroime éifeachtach ann idir an acmhainn iascaireachta agus na deiseanna iascaireachta, ní mór don Bhallstát plean gníomhaíochta a ullmhú agus a chur san áireamh ina thuarascáil, plean do na ranna cabhlaigh inar aithníodh ró-acmhainn struchtúrach. Ó tharla gur ar an 29 Bealtaine 2019 féin a foilsíodh an chomhairle ó CITM faoin meath a bhí ag teacht ar throsc Mhuir Bhailt Thoir, an fhaisnéis nua sin ar dhroch-chás throsc Mhuir Bhailt Thoir agus ar ró-acmhainn na gcabhlach a shaothraigh an stoc sin roimhe, ní fhéadfaí an fhaisnéis sin a chur san áireamh sna tuarascálacha atá anois ann maidir leis an gcothroime idir acmhainn iascaireachta agus deiseanna iascaireachta. Ba cheart do na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar an ró-acmhainn sin sna chéad tuarascálacha eile maidir leis an gcothroime idir cabhlaigh agus deiseanna iascaireachta a luaithe is féidir agus ar a dhéanaí faoin 31 Bealtaine 2020.

(10) Ina ndearbhú polaitiúil an 15 Deireadh Fómhair 2019, dhearbhaigh na Ballstáit lena mbaineann, i gcás inar gá dóibh laghdú a dhéanamh ar acmhainn a gcabhlach chun

[6] Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

bainistiú a dhéanamh ar na hiarmhairtí socheacnamaíocha díobhálacha a ghabhann le meath na n-iascach, dhearbhaigh siad go gcuirfidís plean gníomhaíochta faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 22 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013. I bhfianaise an ghá atá ann laghdú a dhéanamh ar acmhainn chabhlaigh, aithníonn na Ballstáit freisin go bhfuil sé tábhachtach cabhair phoiblí le haghaidh infheistíochtaí in acmhainn bhreise iascaireachta a sheachaint.

(11) De réir na comhairle ó CITM a foilsíodh an 29 Bealtaine 2019, tuairim agus 70 % de ghabhálacha troisc a tugadh i dtír i bhforanna 24-28, is trálaeir a thug i dtír iad, trálaeir a raibh fuinneog éalaithe Bacoma de 120 mm feistithe san eangach acu, é sin nó eangach den chineál T90, agus 15 % de ghabhálacha troisc a tugadh i dtír, is báid a raibh eangach gheolbhaigh acu a thug i dtír iad, eangach a raibh méideanna idir 110 mm agus 156 mm de mhogaill inti. Meastar gur ar throsc a spriocdhíríonn na *métiers* sin go ginearálta agus leagtar amach na híosmhéideanna mogall lena n-aghaidh i Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7]. Na *métiers* eile as measc na 15 *métier* is mó ó thaobh líon na ngabhálacha troisc a tugadh i dtír, is lú ná 5 % de líon iomlán na ngabhálacha troisc a thug gach ceann acu i dtír faoi seach. Tá sé tábhachtach a áirithiú nach méadófar ar leibhéil acmhainn cabhlach a bhíonn ag iascaireacht trosc Mhuir Bhailt Thoir agus gurb é an toradh a bheidh ar scor buan le cabhair ó chistí poiblí, laghdú éifeachtach ar acmhainn chabhlaigh. Ba cheart uasteorainn a chur ar leibhéal acmhainne na mBallstát i gcás an dá rann cabhlaigh sin arb ionann í agus leibhéal acmhainne soithí gníomhacha le blianta beaga anuas sular cuireadh bearta éigeandála i bhfeidhm, i.e. in 2017 agus 2018 ach ba cheart an uasteorainn sin a laghdú nuair a tharraingítear siar soithí trí chabhair phoiblí ionas go bhféadfaí stoc throsc Mhuir Bhailt Thoir a athbhunú.

(12) Maidir leis na huasteorainneacha acmhainne le haghaidh throsc Mhuir Bhailt Thoir, ba cheart feidhm a bheith ag na huasteorainneacha sin de bhreis ar na bearta a leagtar amach in Airteagal 22 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013. Ba cheart na huasteorainneacha acmhainne sin a bheith ar an leibhéal acmhainne is déanaí a raibh soithí gníomhacha aige, cé is moite de na soithí sin a tarraingíodh siar gan aon chabhair phoiblí le blianta beaga anuas. Anuas air sin, ba cheart a áirithiú nach n-aistreofaí ranna cabhlaigh eile chun na ranna ina saothraítear trosc Mhuir Bhailt Thoir. Chun deimhin a dhéanamh de go n-urramaítear uasteorainneacha acmhainne, ba cheart do na Ballstáit an Coimisiún a chur ar an eolas faoin uasteorainn tosaigh agus aon athrú a dhéanfar uirthi.

(13) Ar an ábhar go bhfuil trosc Mhuir Bhailt Thoir go mór i mbaol, ba cheart bearta breise a thabhairt isteach lena ndéanfaí na hiascaigh ina saothraítear trosc Mhuir Bhailt Thoir a rialú. Maidir leis an gcainníocht tairsí éisc ag a bhfuil soitheach iascaireachta faoi cheangal a ghabhálacha a thabhairt i dtír in áit shonrach, ba cheart an uaschainníocht sin a laghdú go 250 kg. Thairis sin, na máistrí soithí iascaireachta a bhfuil cuótaí troisc acu agus a bhíonn ag iascaireacht i limistéir a bhfuil trosc Mhuir Bhailt Thoir iontu, ní

[7] Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le hacmhainní iascaigh a chaomhnú agus le héiceachórais mhuirí a chosaint trí bhearta teicniúla, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 agus Rialacháin (AE) Uimh. 1380/2013, (AE) Uimh. 2016/1139, (AE) Uimh. 2018/973, (AE) Uimh. 2019/472 agus (AE) Uimh. 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 894/97, (CE) Uimh. 850/98, (CE) Uimh. 2549/2000, (CE) Uimh. 254/2002, (CE) Uimh. 812/2004 agus (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle (IO L 198, 25.7.2019, lch 105).

mór do na máistrí sin a áirithiú go bhféadfaidh na húdaráis inniúla náisiúnta faireachán a dhéanamh ar a ngníomhaíocht iascaireachta tráth ar bith.

(14) D'eisigh CITM measúnú anailíseach ar thrasc Mhuir Bhailt Thoir ach níorbh fhéidir raonta básmhaireachta iascaireachta ná pointí tagartha éagsúla a sholáthar de dheasca easpa sonraí. Dá bhrí sin, beidh feabhas le cur ar bhailiú sonraí trí dheimhin a dhéanamh de go bhfuil an clúdach breathnóra ar muir ar shoithigh a shaothraíonn trasc Mhuir Bhailt Thoir ar a laghad ar 20 %.

(15) Rinneadh foráil leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI) a leagadh amach le Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8] maidir le scor buan, go dtí an 31 Nollaig 2017, mar uirlis chun ró-acmhainn struchtúrach a aithnítear a laghdú. I gcás inar aithin na Ballstáit éagothroime struchtúrach, cuireadh ar a gcumas dóibh, leis an bplean gníomhaíochta a rinneadh de dheasca na héagothroime sin faoi Airteagal 22 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 scor buan a chur san áireamh chun cuspóirí an phlean a bhaint amach.

(16) Chun maolú a dhéanamh ar na héifeachtaí eacnamaíocha díobhálacha atá ann de dheasca chás eisceachtúil leanúnach an chomhshaoil i Muir Bhailt agus ar na laghduithe móra a bheidh ar na deiseanna iascaireachta dá mbarr sin agus i bhfianaise na mbeart sonrach dá bhforáiltear sa phlean ilbhliantúil do Mhuir Bhailt, ba cheart tacaíocht phoiblí a bheith ar fáil chun go bhféadfaí scor go buan de ghníomhaíochtaí iascaireachta trí shoithí iascaireachta a dhiúscairt chun é a chur ar chumas na mBallstát cuspóirí a bpleananna gníomhaíochta a bhaint amach faoi Airteagal 22 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 agus aon éagothroime struchtúrach a aithnítear sna ranna iascaireachta a chumhdaítear leis an bplean ilbhliantúil do Mhuir Bhailt a laghdú. Ba cheart mar sin Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 a leasú dá réir chun tacaíocht a thabhairt isteach arís don scor buan i gcás na soithí a bhíonn ag brath go mór ar thrasc Mhuir Bhailt Thoir.

(17) Chun a áirithiú go mbeidh an t-oiriúnú struchtúrach a dhéanfar ar chabhlaigh i Muir Bhailt i gcomhréir leis na cuspóirí caomhnaithe a leagtar síos sa phlean ilbhliantúil, ba cheart don tacaíocht a bheith dianchoinníollach ar bhaint amach na spriocanna agus na n-uirlisí coigeartaithe a shainítear sna pleananna gníomhaíochta le haghaidh ranna éagothroma agus a bheith nasctha leo sin, ar tacaíocht do scor buan de ghníomhaíochtaí iascaireachta í a dheonófar chun soithí iascaireachta a dhiúscairt, soithí atá ag brath go mór ar thrasc Mhuir Bhailt Thoir.

(18) Ó tharla go bhfuil an t-éiceachóras i Muir Bhailt chomh leochaileach sin, níor cheart go ndeonófaí tacaíocht do scor buan de ghníomhaíochtaí iascaireachta chun soithí iascaireachta a iarfheistiú le haghaidh gníomhaíochtaí eile nach mbaineann leis an iascaireacht tráchtála, ar nós na hiascaireachta áineasa, ar an ábhar go bhféadfadh sé drochthionchar a imirt ar an éiceachóras. Dá bhrí sin, níor cheart tacaíocht mar sin a dheonú ach amháin chun soithí iascaireachta a dhiúscairt.

(19) Ní rabhthas ag súil leis an mbeart maidir le cabhair a thabhairt isteach le haghaidh an diúscartha mar fhreagairt ar chás eisceachtúil. Ní fhéadfaidh an Coimisiún cistí poiblí breise a sholáthar anuas ar an imchlúdach CEMI a comhaontaíodh do gach Ballstát le

[8] Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 2328/2003 ón gComhairle, (CE) Uimh. 861/2006 ón gComhairle, (CE) Uimh. 1198/2006 ón gComhairle, (CE) Uimh. 791/2007 ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 1255/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 149, 20.5.2014, lch. 1).

haghaidh scor buan de ghníomhaíochtaí iascaireachta. Mar sin féin, dá mbeadh solúbthacht bhreise ann laistigh d'imchlúdach CEMI a comhaontaíodh do gach Ballstát, chuirfí ar chumas na mBallstát Baltach a bhfuil aitheantas tugtha acu don scor buan mar uirlis lena bhféadfaí ró-acmhainn struchtúrach a gcabhlach a bhíonn ag iascaireacht throsc Mhuir Bhailt Thoir a laghdú, chuirfí ar a gcumas aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb seo gan dochar a dhéanamh do mhórthosaíochtaí eile CEMI, go háirithe na tosaíochtaí sin a bhaineann le forbairt inbhuanaithe an iascaigh, an dobharshaothraithe agus na limistéar iascaigh a luaitear faoi Airteagal 13(2) de Rialachán (AE) Uimh. 508/2014. Meastar gur bealach éifeachtach é an tsolúbthacht sin a chur ar fáil ath-chlársceidealú a dhéanamh ar na catagóirí a luaitear in Airteagal 13(6) agus (7) de Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 le haghaidh scor buan.

(20) Luaitear in Airteagal 22(6) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 nach gcuirfear acmhainn iascaireachta nua in ionad acmhainn iascaireachta na soithí iascaireachta a tarraingíodh siar trí chabhair phoiblí. Thairis sin, de réir Airteagal 23(1) den Rialachán sin, beidh iontráil acmhainne nua sa chabhlach gan cabhair phoiblí á cúiteamh leis an scoir acmhainne roimhe gan chabhair phoiblí d'acmhainn a bhí ar a laghad den acmhainn chéanna.

(21) I bhfianaise an chruacháis eacnamaíoch ina bhfuil soithí iascaireachta an Aontais atá ag brath go mór ar throsc Mhuir Bhailt Thoir agus an ghá atá lena áirithiú go mbeidh tacaíocht faoi CEMI ar fáil le haghaidh scor buan de ghníomhaíochtaí iascaireachta na soithí sin, measadh gurbh iomchuí foráil a dhéanamh maidir le heisceacht ón tréimhse ocht seachtaine dá dtagraítear in Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach, a ghabhann le CAE, leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus leis an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1
Leasú ar Rialachán (AE) 2016/1139

Leasaítear Rialachán (AE) 2016/1139 mar a leanas:

1. Cuirtear isteach an Chaibidil VIA seo a leanas:

"CAIBIDIL VIA
UASTEORAINNEACHA LE hAGHAIDH ACMHAINNE

Airteagal 8a
Laghdú acmhainne le haghaidh throsc Mhuir Bhailt Thoir

1. Maidir le hacmhainn fhoriomlán gach Ballstáit i leith na soithí a bhíonn ag iascaireacht i bhforanna 24-32 de chuid CITM, iad feistithe leis an trealamh a liostaítear in alt 2, ní bheidh leibhéil acmhainne na soithí sin níos mó ná leibhéil acmhainne na soithí atá cláraithe ar chlár chabhlaigh iascaireachta an Aontais an

[...][9], ar soithí iad sin a bhí gníomhach sna foranna sin in 2017 agus 2018 thar ceann na mBallstát sin faoi seach. Cuirfidh na Ballstáit na leibhéil acmhainne agus a gcuid ríomhanna in iúl don Choimisiún faoin [...][10] ar a dhéanaí.

2. Beidh feidhm ag mír 1 maidir le soithí atá feistithe leis an trealamh seo sna catagóirí thíos:

(a) trealamh iascaireachta tarraingthe a bhfuil méid mhogaill 120 mm ar a laghad aige arna dhéanamh le T90 nó ar a laghad 105 mm a bhfuil fuinneog éalaithe Bacoma 120 mm feistithe leis;

(b) eangacha éighníomhacha a bhfuil méid mhogaill ar a laghad 110 mm acu agus nach mó ná 156 mm.

3. Maidir le Ballstát atá ag cur bearta scor buan chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 34(4)(b) de Rialachán Uimh. 508/2014, déanfar acmhainn fhoriomlán an Bhallstáit sin a laghdú de réir acmhainn na soithí a tharraingítear siar le cabhair phoiblí i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 22(4) de Rialachán Uimh. 1380/2013.

4. Maidir le haon laghduithe ar an acmhainn fhoriomlán, cuirfidh na Ballstáit iad sin in iúl don Choimisiún sna tuarascálacha atá le cur isteach i gcomhréir le hAirteagal 22 (4) den Rialachán sin .”

2. In Airteagal 14, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

“(a) 250 cileagram de throisc;”.

3. Cuirtear isteach an tAirteagal 14a seo a leanas:

“Airteagal 14a
Gabhálacha trosc a rialú

Déanfaidh máistrí soithí iascaireachta a bhfuil leithdháileadh deiseanna iascaireachta acu le haghaidh throsc Mhuir Bhailt Thoir agus a bhíonn ag iascaireacht i bhforann 24 ICES i limistéir atá níos mó ná sé mhuirmhíle ó na bonnlínte nó i bhforanna 25-32, déanfaidh siad a áirithiú go bhféadfaidh údaráis rialaithe an Bhallstáit faireachán a dhéanamh ar a ngníomhaíocht iascaireachta tráth ar bith. Chuige sin, beidh córas faireacháin soithí feistithe sna soithigh iascaireachta sin, é sin nó córas faireacháin leictreonach eile den chineál céanna arna dheimhniú ag an údarás rialaithe.”

4. Cuirtear isteach an Chaibidil seo a leanas:

“CAIBIDIL VIIIA
SONRAÍ A BHAILIÚ

Airteagal 14b
Clúdach an bhreathnóra

Maidir le soithí an Aontais a bhfuil leithdháileadh deiseanna iascaireachta acu le haghaidh an troisc i bhforanna 24-32 de CITM, beidh na soithí sin faoi réir clúdach breathnóra 20% ar a laghad agus iad ar muir .”.

[9] A lucht Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm an rialacháin seo, le bhur dtoil
[10] A lucht Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm an rialacháin seo, le bhur dtoil

Airteagal 2
Leasú ar Rialachán (AE) 508/2014

Leasaítear Rialachán (AE) 508/2014 mar a leanas:

2. In Airteagal 13, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

"10. Beidh an deis ag na Ballstáit dul thar an méid a leagadh amach i mír 2 agus dul faoi bhun na méideanna a leagadh amach i mír 6 agus 7 chun tacú leis na bearta a leagadh amach in Airteagal 34(4)(b) .".

3. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 34(4):

"4. Féadfar tacaíocht a dheonú faoin Airteagal seo go dtí an 31 Nollaig 2017, ach amháin i gcás ina nglactar bearta le haghaidh scor buan chun go mbainfí amach cuspóirí na bpleananna ilbhliantúla seo a leanas:

(c) an plean ilbhliantúil chun stoic ghrinnill sa Mheánmhuir Thiar a chaomhnú agus a shaothrú go hinbhuanaithe, arna bhunú le Rialachán (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[*];

(d) plean ilbhliantúil do na stoic troisc, scadáin agus saláin i Muir Bhailt agus do na hiascaigh a shaothraíonn na stoic sin, a bunaíodh le Rialachán (AE) 2016/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[*], maidir leis na soithí faoin uasteorainn fhoriomlán acmhainne le haghaidh throsc Mhuir Bhailt Thoir mar a leagtar amach i mír 2 d'Airteagal 8a de Rialachán (AE) Uimh. 2016/1139."

---

[*] Rialachán (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do na hiascaigh a shaothraíonn stoic ghrinnill sa Mheánmhuir Thiar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 (IO L 172, 26.6.2019, lch. 1)

[*] Rialachán (AE) 2016/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2016 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do na stoic troisc, scadáin agus saláin i Muir Bhailt agus don iascach a shaothraíonn na stoic sin, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1098/2007 ón gComhairle (IO L 191, 15.7.2016, lch. 1)

4. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 34(4a):

"4a. Caiteachas a bhaineann leis na bearta le haghaidh scor buan a glacadh chun cuspóirí Rialachán (AE) 2019/1022 a bhaint amach, beidh sé incháilithe amhail ón 16 Iúil 2019.

Caiteachas a bhaineann leis na bearta le haghaidh scor buan a glacadh chun cuspóirí Rialachán (AE) 2016/1139 a bhaint amach, go háirithe Airteagal 8a de, beidh sé incháilithe do thacaíocht ó CEMI amhail ón [...][11].".

5. In Airteagal 34, cuirtear na míreanna seo a leanas leis:

---

[11] A lucht Oifig na bhfoilseachán, cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm an rialacháin seo, le bhur dtoil.

"4b. Ní dhéanfar aon tacaíocht a dheonú faoi mhír 4(b) murar ullmhaíodh an measúnú ar an gcothroime idir an acmhainn iascaireachta agus na deiseanna iascaireachta sa tuarascáil is déanaí dá dtagraítear in Airteagal 22(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir leis an roinn chabhlaigh a bhfuil na soithí lena mbaineann mar chuid di, murar ullmhaíodh an measúnú sin ar bhonn na dtáscairí bitheolaíocha, eacnamaíocha agus ar bhonn na dtáscairí úsáide soithí a leagtar amach sna treoracha coiteanna dá dtagraítear sa Rialachán sin.

4c. Ní dheonófar tacaíocht faoi alt 4(b) ach amháin má tá spriocanna agus uirlisí coigeartaithe leagtha amach de bhun Airteagal 22(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 le haghaidh na rann cabhlaigh a bhfuil na soithí dá dtagraítear in alt 2 d'Airteagal 8a de Rialachán (AE) Uimh. 2016/1139 iontu agus má tá baint ag na spriocanna agus na huirlisí sin leis an acmhainn iascaireachta a tharraingt siar go buan."

6. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre d'Airteagal 34(6):

"6. De mhaolú ar mhír 1, féadfar tacaíocht a thabhairt do scor buan de ghníomhaíochtaí iascaireachta gan an diúscairt ar choinníoll go ndéanfar na soithí a iarfheistiú le haghaidh gníomhaíochtaí nach mbaineann leis an iascaireacht tráchtála. Ní bheidh feidhm ag an maolú sin maidir le tacaíocht a deonaíodh faoi mhír 4(b).".

Airteagal 3
Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*